**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0121/2022**

9.2.2022

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir leis an tionchar a bhíonn ag seirbhísí an ghrúpa meán Meta ar fhorbairt leanaí agus daoine óga

**Christine Anderson**

**B9-0121/2022**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an tionchar a bhíonn ag seirbhísí an ghrúpa meán Meta ar fhorbairt leanaí agus daoine óga**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil líomhaintí tromchúiseacha déanta ag sceithirí i gcoinne Meta, máthairchuideachta Facebook, Instagram agus WhatsApp;

B. de bhrí go maítear go bhfuil taighde inmheánach déanta ag an ngrúpa ar an tionchar a bhíonn ag Instagram ar leanaí agus ar dhéagóirí, go háirithe ar chailíní sna déaga, lena léirítear go bhfágann an úsáid a bhaineann na cailíní sin as an tseirbhís go mbíonn siad fíor-mhíshásta lena gcolainn féin, rud a imríonn tionchar dá réir sin ar a meabhairshláinte[1];

C. de bhrí, de réir Airteagal 24(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go gcaithfear tús áite a thabhairt do leas an linbh i ngach beart a bhaineann le leanaí a dhéanann údaráis phoiblí nó institiúidí príobháideacha;

1. á iarraidh ar an gcoiste freagrach tuarascáil a chur i dtoll a chéile maidir leis an tionchar a bhíonn ag an úsáid a bhaineann leanaí agus daoine óga as na meáin shóisialta orthu;

2. á iarraidh ar an gcoiste freagrach tograí a fhorbairt chun aird na saoránach a tharraingt ar an mbaol a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe do leanaí agus daoine óga mar gheall ar an úsáid a bhaineann siad as na meáin shóisialta, agus tograí a fhorbairt chun an drochthionchar lena mbaineann a chosc.

[1] https://www.wsj.com/articles/facebook-knows-instagram-is-toxic-for-teen-girls-company-documents-show-11631620739